**AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ**

**agus**

**COIMISIÚN NA MEÁN**

---

# COMHAONTÚ COMHOIBRITHE

---

**Réamhrá**

1.Leis an gComhaontú Comhoibrithe seo ("**comhaontú**") bunaítear creat comhoibrithe, comhroinnte faisnéise agus cumarsáide cuidithí idir an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ("**CICT**") agus Coimisiún na Meán ("**CnaM**"), a dtagraítear dóibh le chéile mar na "**páirtithe**" ar fud an doiciméid seo.

2. Déantar an comhaontú seo de bhun alt 45 den Acht um Sheirbhísí Digiteacha, 2024 ("**Acht 2024**") agus alt 32 den Acht Craolacháin 2009.

3.Tá na páirtithe meáite ar chaidrimh oibre éifeachtacha a chothú, trí chultúr comhoibrithe agus comhair a chothú eatarthu go príomha.

4. Tá sé d'aidhm chomhroinnte ag an gcomhaontú seo caidrimh oibre dhlútha a chumasú idir na páirtithe, lena n-áirítear malartú faisnéise iomchuí, chun cúnamh a thabhairt dóibh agus a bhfeidhmeanna faoi seach á gcur i gcrích a mhéid a bhaineann na feidhmeanna le Rialachán (AE) 2022/2065 (an "**Rialachán maidir le Seirbhísí Digiteacha**") agus / nó Acht 2024. Tá sé d'aidhm chomhroinnte aige freisin a léiriú cé chomh meáite atá na páirtithe ar chomhoibriú a dhéanamh go réamhghníomhach i dtaca le nithe comhleasa a mhéid a bhaineann na nithe leis an Rialachán maidir le Seirbhísí Digiteacha agus / nó le hAcht 2024.

5.Aithníonn na páirtithe an tairbhe a bhaineann le fís chomhroinnte a leagan amach sa chomhaontú seo le haghaidh an chaidrimh leanúnaigh seo.

6.Beidh aon chomhoibriú agus rannpháirtíocht idir na páirtithe faoi réir na dtosaíochtaí agus na n-acmhainní a bheidh ar fáil do gach duine de na páirtithe, agus beidh sé comhsheasmhach leis na ceanglais dlí uile is infheidhme, lena n-áirítear i leith faisnéis a chomhroinnt.

**Róil faoi seach**

7.Tá sainorduithe ar leithligh agus neamhspleácha ag na páirtithe agus leagtar amach gach ceann acu i reacht.

8.Aithníonn na páirtithe a neamhspleáchas féin go frithpháirteach agus an gá chun nithe a sheoladh i gcomhréir lena gcuid cumhachtaí agus freagrachtaí reachtúla faoi seach.

**Ról agus feidhm CICT**

9. Is é CICT an comhlacht reachtúil atá freagrach as iomaíocht a chur chun cinn agus as leasanna agus folláine tomhaltóirí a chosaint. Déanann sé fiosrúcháin agus gníomhaíocht forfheidhmiúcháin i leith na bhforálacha dá dtagraítear in alt 10(1)(c) agus (d) den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014 agus is údarás um fhaireachas margaidh é i leith reachtaíocht shonraithe maidir le sábháilteacht táirgí.

10 Údarás inniúil is ea é freisin chun maoirseacht a dhéanamh ar Airteagail 30, 31 agus 32 den Rialachán maidir le Seirbhísí Digiteacha, agus chun iad a fhorfheidhmiú, agus déantar é a ainmniú amhlaidh le halt 44 d'Acht 2024.

11. Ag gníomhú dó ina cháil mar údarás inniúil chun críocha Acht 2024, tá sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe áiteanna margaidh ar líne lena gceadaítear do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe (áiteanna margaidh tomhaltóirí ar líne) agus forfheidhmiú a dhéanamh ar oibleagáidí áirithe maidir le dícheall cuí atá ar áiteanna margaidh ar líne do thomhaltóirí a bhaineann le hinrianaitheacht trádálaithe, comhlíonadh trí dhearadh agus ceart tomhaltóirí chun faisnéise.

**Ról agus feidhm CnaM**

12. Tá CnaM freagrach as rialáil a dhéanamh ar chraolachán, na meáin chlosamhairc ar éileamh agus as creat rialála a sholáthar le haghaidh sábháilteacht ar líne in Éirinn.

13. Is údarás inniúil é freisin (seachas i leith airteagail 30, 31 agus 32 den Rialachán maidir le Seirbhísí Digiteacha), agus tá sé ar an gcomhordaitheoir seirbhísí digiteacha náisiúnta, chun maoirseacht a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Seirbhísí Digiteacha agus é a fhorfheidhmiú agus tá sé ainmnithe amhlaidh le halt 7 den Acht Craolacháin 2009.

**Prionsabail chomhoibrithe agus chomhroinnte**

14. Foráiltear leis an Rialachán maidir le Seirbhísí Digiteacha gurb amhlaidh i gcás ina n-ainmníonn Ballstáit údaráis ar a bhfuil freagrachtaí as gnéithe den rialachán, a chomhoibreoidh na húdaráis sin go dlúth agus go héifeachtach agus a gcúraimí á gcomhlíonadh.

15. Is mian leis na páirtithe anseo comhoibriú a dhéanamh go dlúth agus go héifeachtach agus a gcúraimí faoi seach á gcomhlíonadh i leith an Rialacháin maidir le Seirbhísí Digiteacha.

16. Trí fhaisnéis ábhartha a chomhroinnt go tráthúil agus go dírithe idir na páirtithe, rud a éascaítear leis an gcomhaontú seo, feabhsófar a gcumas chun a gcuid feidhmeanna faoi seach a fheidhmiú, de mheon comhar níos leithne agus a mhéid a cheadaítear leis an dlí. Déantar sin chun torthaí níos fabhraí a chur chun cinn ar mhaithe lena gcuid cuspóirí reachtúla faoi seach a chur chun tosaigh.

17. Ar chuspóirí an chomhaontaithe seo áirítear, ach níl siad teoranta dóibh:

(a) comhoibriú a éascú idir na páirtithe agus a gcuid feidhmeanna faoi seach á gcomhlíonadh a mhéid a bhaineann siad leis an Rialachán maidir le Seirbhísí Digiteacha;

(b) comhsheasmhacht a chinntiú, a mhéid is indéanta, idir cinntí a rinne na páirtithe nó bearta eile a ghlac siad a mhéid a bhaineann aon chuid de na cinntí nó de na bearta sin leis an Rialachán maidir le Seirbhísí Digiteacha;

(c) é a chumasú go rachfar i gcomhairle le gach páirtí i ndáil le haon chinntí a bhaineann leis an Rialachán maidir le Seirbhísí Digiteacha a dhéanann an páirtí eile;

(d) sonraí a leagan amach i ndáil le nochtadh faisnéise, arna dhéanamh ag ceachtar páirtí don pháirtí eile chun é a chumasú do gach páirtí faisnéis atá ina sheilbh nó ina seilbh a thabhairt don pháirtí eile má éilíonn an páirtí eile sin an fhaisnéis chun go bhfeidhmeoidh sé nó sí aon cheann dá chuid nó dá cuid feidhmeanna a mhéid a bhaineann na feidhmeanna leis an Rialachán maidir le Seirbhísí Digiteacha;

(e) agus éascaíocht a dhéanamh do mhaoirseacht éifeachtach ar sholáthraithe seirbhíse idirghabhálacha agus forfheidhmiú an Rialacháin maidir le Seirbhísí Digiteacha in Éirinn.

18. Molann na páirtithe obair chomhpháirteach éifeachtach a éascú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) teacht le chéile agus cumarsáid a dhéanamh go rialta, ar leibhéil sinsearachta iomchuí, chun nithe comhleasa a phlé;

(b) dul i gcomhairle le chéile ag céim luath maidir le haon saincheisteanna a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith acu ar an bpáirtí eile; agus

(c) dréachtdoiciméid nó dréachtfhoilseacháin a chomhroinnt (chun barúlacha a fháil), ag céim luath, lena ndéantar tagairt don pháirtí eile nó lena gcumhdaítear nithe leasa fhrithpháirtigh.

19. Má mheasann páirtí go mbeidh faisnéis a bhailigh sé nó sí iomchuí go hábhartha (go háirithe, mar thaca le rioscaí maidir le feidhmeanna agus cuspóirí an pháirtí eile faoin Rialachán maidir le Seirbhísí Digiteacha a shainaithint go héifeachtach), ansin, faoi réir aon srianta dlíthiúla ar nochtadh faisnéise (cibé acu a fhorchuirtear iad le reacht nó ar shlí eile), féadfaidh sé nó sí an páirtí eile a chur ar an eolas faoin gcéanna.

20. Chun cuidiú le chéile a gcuid ról faoi seach a chur i gcrích, féadfaidh na páirtithe cúnamh teicniúil a sholáthar dá chéile. Áirítear le cúnamh teicniúil chun na gcríoch sin eolas agus saineolas réimse ábhar chomh maith le dea-chleachtas a chomhroinnt.

**Iarrataí Faisnéise agus Comhroinnt Faisnéise**

21. Aithníonn agus comhaontaíonn gach páirtí gurb amhlaidh i gcomhréir le hAirteagal 85(3) den Rialachán maidir le Seirbhísí Digiteacha, a ghlacfaidh an Coimisiún Eorpach gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na

socruithe praiticiúla agus oibríochtúla d'fheidhmiú AGORA agus a idir-inoibritheacht le córais ábhartha eile (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/607 ón gCoimisiún). Comhaontaíonn gach páirtí go gcomhlíonfaidh sé nó sí a chuid nó a cuid freagrachtaí faoi seach faoi Rialachán (AE) 2024/607, mar is infheidhme.

22. Aithníonn agus comhaontaíonn gach páirtí go bhfuil sé mar rún comhchoiteann aige nó aici go n-úsáidfear AGORA chun faisnéis a chomhroinnt faoin gcomhaontú seo, chun faisnéis ábhartha a áireamh mar fhreagairt ar iarraidh ar fhaisnéis, agus chun gearáin a aistriú chuig an bpáirtí eile.

23. Aithníonn na páirtithe gur féidir go mbeidh malartú faisnéise eatarthu ina rannchuidiú tábhachtach le comhlíonadh éifeachtúil agus éifeachtach a gcuid dualgas reachtúil faoi seach. Tá an dá pháirtí chomh feasach céanna go bhfuil gá le discréid agus gur gá nósanna imeachta a ghlacadh lena gcosnaítear an méid seo a leanas:

(a) cineál rúnda faisnéise áirithe,

(b) oibleagáidí rúndachta CICT faoi alt 25 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014

(c) oibleagáidí rúndachta CnaM faoi alt 36 den Acht Craolacháin 2009.

24. Geallann na páirtithe leibhéal rúndachta a chinntiú eatarthu a mhéid a bhaineann le faisnéis neamhphoiblí a mhalartú.

25. Aithníonn na páirtithe gurb amhlaidh, d'ainneoin aon fhoráil eile den Chomhaontú seo, nach bhféadfaidh siad faisnéis a nochtadh ach amháin i gcomhréir leis an gComhaontú seo má cheadaítear dóibh déanamh amhlaidh nó má cheanglaítear orthu déanamh amhlaidh, nó mura gcoisctear orthu déanamh amhlaidh, faoi aon dlíthe is infheidhme.

**Staonadh ó ghníomhú**

26. Féadfaidh gach páirtí staonadh ó aon cheann dá chuid nó dá cuid feidhmeanna faoi seach a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann na feidhmeanna leis an Rialachán maidir le Seirbhísí Digiteacha i dtaca le ní sonrach in imthosca ina bhfuil sé nó sí sásta go bhfuil feidhmeanna á gcomhlíonadh ag an bpáirtí eile i ndáil leis an Rialachán sin i ndáil leis an ní céanna.

27. I gcás ina mbeartaíonn páirtí staonadh ó aon cheann dá chuid nó dá cuid feidhmeanna a chomhlíonadh, tabharfaidh sé nó sí fógra faoina rún don pháirtí eile agus soláthróidh sé nó sí deis don pháirtí eile chun freagairt don fhógra.

28. I gcás inar chomhaontaigh páirtí amháin staonadh óna chuid nó óna cuid feidhmeanna i ndáil le ní ar leith, féadfaidh sé nó sí aon tríú páirtithe ábhartha a chur ar an eolas faoi sin.

**Comhairliúchán**

29. Rachaidh gach páirtí i gcomhairle leis an bpáirtí eile roimh aon fheidhmeanna a bhaineann leis an Rialachán maidir le Seirbhísí Digiteacha a chomhlíonadh in imthosca inarb éard atá i gceist leis an bhfeidhmiú faoi seach a dhéanann gach páirtí ar na feidhmeanna lena mbaineann cinneadh a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán maidir le Seirbhísí Digiteacha atá comhionann le chéile nó atá laistigh den chatagóir de shaincheisteanna sonraithe a shainaithníonn gach páirtí trína chuid nó trína cuid comhoibrithe mar chatagóir a n-éilítear comhairliúchán ina leith.

**Cosaint Sonraí**

30. A mhéid atá sonraí pearsanta á bpróiseáil ag na páirtithe de bhun an chomhaontaithe seo, áiritheoidh siad go bhfuil an méid sin i gcomhréir leis na dlíthe uile is infheidhme a bhaineann le sonraí pearsanta a chosaint, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679 agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018, a fhéadfar a thabhairt cothrom le dáta, a leasú nó a ionadú ó am go chéile. Aithníonn agus comhaontaíonn na páirtithe gurb amhlaidh, de bhun alt 47(7) den Acht um Sheirbhísí Digiteacha, 2024 agus alt 33(4) den Acht Craolacháin 2009, a fhiosróidh siad an gá chun dul i mbun aon chomhaontú maidir le comhroinnt sonraí.

**Rannpháirtíocht rialta**

31. Buailfidh oifigigh na bpáirtithe le chéile go rialta agus déanfaidh siad cumarsáid, ar leibhéil sinsearachta iomchuí, agus dhá uair ar a laghad sa bhliain, chun nithe comhleasa a phlé agus déanfaidh siad cumarsáid mar a éilítear idir cruinnithe ar cibé nithe comhleasa a fhéadfaidh teacht chun cinn le linn an ghnó laethúil.

32. Cinnfear clár oibre le haghaidh na gcruinnithe sin, a mhéid is féidir, roimh ré chun a chinntiú go bhfreastalófar orthu ag an leibhéal iomchuí agus leis an saineolas iomchuí.

**Stádas agus éifeacht dhlíthiúil**

33. Ní eascraíonn oibleagáidí atá ceangailteach ó thaobh dlí ar na páirtithe leis an gcomhaontú seo.

34. D'ainneoin sin, tá na páirtithe meáite ar aidhmeanna agus cuspóirí an chomhaontaithe seo a shaothrú de mheon macánta agus beartaíonn siad gníomhú i gcomhréir lena théarmaí ar bhonn deonach.

35. I gcás ina mainneoidh CICT nó CnaM foráil den chomhaontú seo a chomhlíonadh, ní fhágfaidh sin go gcuirfear feidhmiú aon chumhachta reachtúla arna dhéanamh ag CICT nó CnaM ó bhail.

36. Ní fheidhmeoidh an comhaontú seo chun an fhreagracht a chur ar pháirtí (nó aon fhostaí, oifigeach nó gníomhaire de) i leith aon duine i ndamáistí nó ar aon bhealach eile as aon rud a dhéantar nó a mhainnítear a dhéanamh nach mbeadh duine freagrach as mar sin ar aon slí eile.

**Fad agus athbhreithniú an Chomhaontaithe**

37. Tá na socruithe a chumhdaítear leis an gcomhaontú seo, i gcás inar féidir, leagtha amach i dtéarmaí lena dtugtar dóthain solúbthachta chun go bhforbrófar an caidreamh idir na páirtithe i bhfianaise taithí.

38. Gabhfaidh éifeacht leis an gcomhaontú seo an dáta is déanaí den dá dháta atá sínithe thíos.

39. Ní fhorléireofar aon fhoráil den chomhaontú seo mar fhoráil lena ndéanfar forálacha aon chomhaontaithe eile idir na páirtithe, lena n-áirítear an Comhaontú Comhoibrithe idir an tÚdarás Iomaíochta agus Coimisiún Craolacháin na hÉireann dar dáta an 19 Nollaig 2002, a shéanadh nó a mhodhnú ar aon bhealach ná mar fhoráil lena ndéantar difear ar aon bhealach do na forálacha sin.

40. Déanfaidh na páirtithe athbhreithniú ar na socruithe sin cothrom bliana ón bpointe a chuaigh sé in éifeacht chun meastóireacht a dhéanamh ar a oiriúnacht leanúnach don fheidhm. Athnuafar an comhaontú seo go huathoibríoch ar feadh tréimhsí comhleantacha trí bliana ina dhiaidh sin.

41. I gcomhréir le halt 45(5) d'Acht 2024, déanfaidh CICT, laistigh de mhí amháin tar éis an comhaontú (nó athrú air) a dhéanamh, cóip den chomhaontú (lena n-áirítear aon athrú ar an gcomhaontú sin) a bheidh déanta a thabhairt don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

42. Féadfaidh leagan eile den chomhaontú seo a bheith ann, faoi réir chomhaontú an dá pháirtí. I gcás ina molann páirtí leagan eile den chomhaontú cuirfidh an páirtí sin isteach, i scríbhinn, chuig an bpáirtí eile téacs an leagain mholta agus na cúiseanna a bheidh leis sin. Féadfaidh ceachtar páirtí an comhaontú seo a fhoirceannadh trí fhógra i scríbhinn a sholáthar don pháirtí eile.

**Sínithe an [dáta] seo de [mhí] 2024.**

____________________

Comhalta
Le haghaidh agus thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

**Sínithe an [dáta] seo de [mhí] 2024.**

____________________

Coimisinéir
Le haghaidh agus thar ceann Choimisiún na Meán